Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

**7870/19**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0144(COD)**

**CODEC 786**
**COPEN 130**
**EJUSTICE 47**
**JURINFO 8**
**DAPIX 119**
**CATS 47**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

## Ráiteas ón gCoimisiún

Is oth leis an gCoimisiún go bhfuil cinneadh déanta ag na comhreachtóirí teorainn a chur le méarloirg náisiúnach arna gciontú a áireamh sa chóras ECRIS-TCN, ar náisiúnaigh tríú tír iad agus náisiúnaigh a bhfuil dénáisiúntacht de chuid an Aontais Eorpaigh/tríú tír acu. Mar gheall go bhfuil méarloirg ar an modh is iontaofa chun daoine aonair a shainaithint i láthair na huaire, is oth leis an gCoimisiún go bhfuil na teorainneacha sin curtha le méarloirg a áireamh, agus dar leis gurb é an toradh a bheidh air sin go laghdófar éifeachtacht an chórais ECRIS-TCN an aidhm atá leis a bhaint amach, is é sin, a áirithiú go gcuirfear faisnéis taifead coiriúil ar fáil ar bhealach iontaofa chun críocha nósanna imeachta coiriúla, mí-úsáid leanaí a chosc, ceadúnais a dheonú agus chun críocha dlisteanacha eile a leagtar síos sa dlí náisiúnta i gcomhréir leis an Treoir.